Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Feabhra 2024
(OR. en)

6849/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0192(COD)**

**CODEC 567
UK 15
TRANS 109**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcumhachtaítear Poblacht na Fraince comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 20 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 2(1) agus 91 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 20 Meán Fómhair 2023[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. An 7 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle[3].

[1] 10917/23.
[2] IO C, C/2023/879, 8.12.2023.
[3] 6435/24.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in PE-CONS 91/23 mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.